

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Gáirdín na nAinmhithe : R1A & R1B ar thuras ranga



R1A Rang an Múinteoir Ní Ruadaigh i nGáirdín na nAinmhithe

Chuaigh daltaí R1A agus R1B ar thuras chuig an Zú ar an 11 & 12 Bealtaine. Bhí an t-ádh linn ó thaobh na haimsire de mar go raibh dá lá álainn ann in diaidh a chéile - an rud is annamh is iontach! D'fhágamar an scoil ar a 9 a chlog agus bhí na páistí ar bís, ní hamháin le dul ag an zú ach le dul ar an mbus! Bhuaileamar lenár dtreoraithe Kelly agus John sa zú agus threoraigh siad muid ar thuras timpeall ar mhachaire na hAfraice. Bhí go leor ainmhithe éagsúla le feiceáil againn ansin - an síoraf, an srónbheannach, an séabhra agus an ostrais. Chonaiceamar an Okapi, ainmhí atá gaolta le séabhra agus go bhfuil go leor dathanna air. Bhí lón deas againn agus chuamar timpeall ar an gcuid eile den zú ag féachaint ar mhoncaithe, róna, piongain, tiogair agus leoin. Nuair a bhíomar críochnaithe chaitheamar leath uair a chloig ag súgradh i bPáirc an Fhionnuisce. Bhí an-lá go deo againn ar fad, múinteoirí agus páistí araon.

*Rang 1A and Rang 1B visited the Zoo on the 11th & 12th May. We were incredibly lucky with the weather - two fine days in a row - a rare and wonderful thing these days! We left the school at 9 o'clock and the children were so excited, not just because they were going to the zoo but because they were going there on a bus! We met our tour guides, Kelly and John at the zoo and they brought us to the African plains. We got to see lots of different animals in the African plains - the giraffe, the rhino, the zebra and the ostrich. We also saw the Okapi, a zebra-related animal of many colours. We had a nice lunch and walked around the rest of the zoo looking for monkeys, seals, penguins, tigers and lions. When we finished up in the zoo we spent half an hour playing in the Phoenix Park. A thoroughly enjoyable day was had children and teachers alike.*

An Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh



R1B Rang an Múinteoir Ní Chuireáin i nGáirdín na nAinmhithe



Spórt is Spraoi - Páistí R1B

## Polasaí Éide Scoile - athbhreithniú : School Uniform Policy - review

D'iarr grúpa tuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta féachaint an bhféadfaí roinnt athruithe a dhéanamh ar an bpolasaí maidir le héide scoile. Ní hí seo an chéad uair gur ardaíodh an cheist cé acu ar chóir go gceadófaí do dhaltaí culaith spóirt na scoile a chaitheamh in ionad an éide fhoirmiúil aon uair gur mian leo. Díospóireacht í seo atá pléite go mion agus go minic thar na blianta ag léibhéal an Bhoird Bainistíochta, Coiste na dTuismitheoirí agus Foirne. Tá an-chuid plé agus machnamh déanta ag an mBord le cúpla mí anuas ar an bPolasaí Éide Scoile. Bunaíodh fochoiste de bhaill an Bhoird chun dul i mbun taighde agus athbhreithniú.

Mar Bhord táimid an-bhródúil as an éide scoile galánta atá againn i Gaelscoil Thaobh na Coille. Creidimid go gcuireann an éide le bród na scoile agus go gcuireann sé leis an mothú a fhaigheann na daltaí go bhfuil siad tábhachtach agus gur cuid d'fhoireann iad. Measaimid go bhfuil tionchar dearfach ag an éide ar thimpeallacht na scoile, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Léiríonn staidéir, nuair a bhíonn gach duine gléasta mar an gcéanna go mbraitheann daltaí bródúil as a bheith mar chuid dá scoil agus go dtreisíonn sé meanma na scoile. Mothaíonn na daltaí ceangail níos mó le pobal na scoile agus bíonn siad níos bródúla as an scoil dá bharr. Cuireann sé seo go mór le spiorad na scoile.

Ghlac an Bord an cinneadh nach mbeadh aon mhór athraithe á dhéanamh ar an bpolasaí éide scoile ach go gcuirfí roinnt mionathruithe i bhfeidhm chun tuilleadh rogha a thabhairt do thuismitheoirí agus daltaí na scoile.

*The Board of Management were asked by a group of parents to look into the possibility of making changes to the school uniform policy. The debate over whether pupils should be allowed to wear the school tracksuit instead of the formal uniform whenever they wish is one that has been debated over the years at Board of Management, Coiste na dTuismitheoirí and Staff level. The Board has had a great deal of discussion and reflection on the School Uniform Policy over the last few months. A sub-committee of Board members was established to undertake research and review of same.*

*As a Board we are very proud of the very smart school uniform we have in Gaelscoil Thaobh na Coille. We believe that the uniform enhances school pride and contributes to a sense of belonging as pupils are made to feel important and as if they are part of a team by wearing the uniform. We feel that the uniform has a positive impact on the school environment, both inside and outside of the classroom. Studies show that when everyone is dressed the same and feels proud to be a part of their school, it boosts morale. The pupils have a greater sense of togetherness and pride, boosting school spirit.*

*After much discussion the Board decided that there would be no major changes to the school uniform policy but that a number of minor modifications would be implemented to give more choice to parents and pupils of the school.*

## Éide Scoile School Uniform

As seo amach beidh an rogha ann léine 'polo' bán a chaitheamh in ionad an léine nó an blús bán.

Beidh sé roghnach an carbhat a chaitheamh nó gan é a chaitheamh.

Beidh cead freisin bróga reatha dubh nó dúghorm nó bróga leathair dubh/dúghorm a chaitheamh leis an éide scoile (rogha bróga reatha bán/dubh/dúghorm a chaitheamh leis an gculaith spóirt).

Ní mór do pháistí ó R1 – R6 an t-éide scoile cheart a chaitheamh ar scoil gach lá agus an chulaith spóirt a chaitheamh na laethanta go mbíonn rang corpoideachais acu.

Is féidir le cailíní briste dúghorm a chaitheamh má theastaíonn uatha. Bhí

sé seo ceadaithe i gcónaí

Tá sé de rogha ag na Naíonáin an t-éide scoile nó an chulaith spóirt a chaitheamh. Níl aon athrú ar seo.

Maidir leis an éide scoile samhraidh (briste gearr dúghorm agus 'polo' bán) tá cead ag na páistí í seo a chaitheamh cheana féin trí mhí in aghaidh na bliana, Meán Fómhair, Bealtaine & Meitheamh, i rith tréimhsí dea-aimsire. Mothaíonn an Bord go bhfuil sé seo leordóthanach agus nár cheart síneadh a chur leis seo.

*From now on there will be the option of wearing a white 'polo' shirt instead of the white shirt or blouse.*

*Wearing of the school tie is optional.*

*Black or navy running shoes or black / navy blue leather shoes will also be*

*allowed with the school uniform (choice of white / black / navy running shoes with the sports suit).*

*Children from R1 - R6 must wear the correct school uniform to school every day and the sports uniform on the days they have a physical education class.*

*Girls can wear navy trousers should they wish to do so - this has always been the case.*

*Infants have the option of wearing the school uniform or sports suit. No change here.*

*For the summer school uniform (navy shorts and white 'polo') the children are already allowed to wear this three months a year, September, May and June, during periods of good weather. The Board feels that this is sufficient and should not be extended.*



## Obair Ealaíne R3A Córas na Gréine



Bhí R3A ag foghlaim faoi chóras na gréine agus phéinteáil siad pictiúir álainn leis an méid a bhí foghlamtha acu a léiriú.  
*R3A have been learning about the solar system and have painted beautiful pictures illustrating all they have learned.*

## Tráth na gCeist Clainne Family Quiz

Tá súil agam gur bhain sibh go léir taithneamh as an tráth na gceist clainne a d'éagraigh Coiste na dTuimitheoirí an Déardaoin seo chaite. Ghlac os cionn 90 clann páirt san imeacht spaiúil seo agus gach duine in iomaíocht lena chéile leis na ceisteanna a fhreagairt i gceart agus go tapaidh. Bhí ceisteanna ann a d'oir do gach duine agus gach aois ghrúpa - ceisteanna faoi rudaí áitiúla, cultúrtha, eolas ginearálta agus fiú ceisteanna mar gheall ar an scoil. Buíochas leis an gcoiste as an tráth na gceist seo a eagrú agus buíochas speisialta le Clóna Ní Shúileabháin, mam Fionnán N2B & Sadhbh R2B as na ceisteanna a chur le chéile.

*I hope you all enjoyed the family quiz organised by the Coiste na dTuimitheoirí last Thursday evening. Over 90 families took part in this fun event with everyone competing with each other to answer the questions correctly and as quickly as possible. There were questions to suit everyone, young and old - local and cultural questions, general knowledge and even some about the school. Thanks to the Coiste for organising this quiz and a special thank you to Clóna Ní Shúileabháin, mam Fionnán N2B & Sadhbh R2B for putting the questions together.*

## Buaiteoirí Comhghárdeachas le

## 1ú Muintir Lionáin

Darragh R4A, Zoe R2B, Ruairí N2B,  
mam Emma & daid Connor

## 2ú Muintir Duinn (D'Unbelievables)

Oisín R3B, Dylan N2B,  
mam Mary & daid Marcus

## 3ú Muintir Flannagáin (Smudje)

Cian R6A,  
daid Seán & mam Carole

## 4ú Muintir Broin

Aoileann N2A,  
mam Derval & daid Neil



## Buaiteoirí

## Muintir Lionáin

Darragh R4A, Zoe R2B, Ruairí N2B



## Ceiliúradh na Sacraimintí uasdátú : Celebration of the Sacraments update

Thug an tAthair John Canon Delany, cuairt ar an scoil inné len é féin a chur in aithne do na páistí atá 'sna ranganna atá ag ullmhú do na sacraimintí. Tá an cuma ar an scéal anois nach mbeidh aon sacraimintí á cheiliúradh roimh dheireadh mí Iúil ar a luaithe. Tá seans láidir ann go n-eagrófar Cóineartaithe do na daltaí i R6 i dtreo deireadh mí Lúnasa sula dtosaíonn siad ar an mheánscoil ach níl aon chinnteacht faoi sin.

*Rev John Canon Delany visited the school yesterday to introduce himself to the children in the sacramental classes. It looks like permission to celebrate the sacraments will not be given until the end of July at the earliest. There is a strong possibility that confirmation ceremonies will be organised for the pupils in R6 towards the end of August before they begin in secondary school but there is no certainty about that at this stage.*



Is dócha go mbeidh an Fhómhair ann sula gceiliúrfear an Chéad Chomaoineach (R3 & R2). Táimid ag súil leis an gCéad Fhaoistin a cheiliúradh sa scoil i mí an Mheitheamh.

*Communion will probably take place in the Autumn (R3 & R2). We hope to arrange the celebration of First Confessions in school in June.*



Beimid i dteagmháil libh a thúisce is a fhaighimid dearbhú ar bith.

*We will let you know as soon as we hear anything more concrete.*



Obar ealaíne R4A - Ealaín bunaithe ar shaothair ealaíne Georgia O'Keefe - R4A's Artwork - Art based on the paintings of Georgia O'Keefe

## Meabhrúcháin Reminder



### Bailiúchán Éadaí Caite Old Clothes Collection

Beidh éadaí caite gur féidir a athchúrsáil á bhailiú sa scoil ag Coiste na dTuistí ón 1 go 3 Meitheamh



### Seó Tallainne 2021 Talent Show 2021

Is chóir na taifeadtaí físe don Seó Tallainne a sheoladh chuig

[emer@taobhnacoille.org](mailto:emer@taobhnacoille.org) roimh an **Aoine 4 Meitheamh**.

Video recordings for the Talent Show should be sent to

[emer@taobhnacoille.org](mailto:emer@taobhnacoille.org) before **Friday 4<sup>th</sup> June**

## Saolré an Féileacán : The Lifecycle of a Butterfly

Tá R4 an-ghnóthach le cúpla seachtain anuas agus iad ag foghlaim faoi shaolré an feileacán. Bhí siad ag tabhairt aire do roinnt cruimh chabáiste, agus bhí siad ar “Caterpillar Watch” gach lá chun na céimeanna éagsúla i saolré an feileacán a thaifead.

R4 has been busy for the past few weeks learning about the life cycle of the butterfly. They were tending some caterpillars, and were on “Caterpillar Watch” every day to record the various stages in the life cycle of the butterfly.

### Saolré an Feileacán

1. Beireann an feileacán ubh ar dhuilleog chabáiste.
2. Pléascann cruimh chabáiste amach as an ubh
3. Itheann an chruimh go leor agus fásann sé.
4. Tar éis cúpla seachtain athraíonn an cruimh isteach ina chrisilid.
1. Tar éis 2-3 seachtain osclaíonn an crisilid & tagann an feileacán amach.

Tá R4 ar bís ag fanacht ar na feileacáin le teacht amach.!

### Life Cycle of the Butterfly

1. The butterfly lays her eggs on a cabbage leaf.
2. A caterpillar bursts out of the egg
3. The caterpillar eats a lot and grows and grows.
4. After a few weeks the caterpillar changes into a chrysalis.
5. After 2-3 weeks the chrysalis opens and the butterfly emerges.

R4 are excitedly waiting for the butterflies to come out!



Obair ealaíne R4B - An Cruimh Chabáiste / Bolb á ramhrú féin ar dhuilleog glas blasta! - A Caterpillar feeding on a tasty green leaf!

## Liosta Téacsleabhair & Bille Scoile 2021/2022



CEANNACH & IASACHT TÉACSLEABHAIR: Beidh an bille scoile & liosta téacsleabhair do 2021/2022 á sheoladh amach chugaibh ar r-phost go luath an tseachtain seo chugainn. Tá córas ríomhíocaíochta Aladdin in úsáid againn le hairgead a bhailiú. Gheobhaidh tú r-phost an tseachtain seo chugainn le nascrochtana íocaíochtaí a bheidh le cliceáil agat le bille scoile do pháiste a íoc. Beidh costas laghdaithe €5 seachas €10 ar an scéim iasachta téacsleabhair don scoilbhliain 2021/2022.

Ba mhór linn dá n-íocfaí an Bille Scoile roimh an **Aoine an 18 Meitheamh** más féidir.

**PURCHASE & RENTAL of school textbooks:** The school bill and textbook list for 2021/2022 school year will be issued shortly. We will be using Aladdin's online payments system for the collection of the 'Bille Scoile'. You will receive an e-mail next week, containing a secure payment link that you can click on to pay your child's school bill. The cost of the loan scheme is being reduced from €10 to €5 for the 2021/2022 school year.

We would be grateful if the school bill could be paid if possible before **Friday 18<sup>th</sup> June**.

## Turas R2A & R2B : Squirrel Scramble

Chuaigh R2A & R2B ar thuras scoile go Squirrel Scramble in Eastáit Chill Roidire i mBré inné. Bhí an-lá go deo acu ann.

Is páirc crainn eachtraíochta é Squirrel Scramble le go leor dúshlán éagsúil le dreapadh, cothromú, sleamhnú agus lámhachán, agus ziplínte mór agus beag ar leibhéil éagsúla. Ní hamháin gur éirigh leis na páistí triail a bhaint as na ziplínte agus dreapadh i measc na gcrann, fuair siad deis freisin roinnt boghdóireachta a dhéanamh agus roinnt cluichí tógála foirne a imirt. Lá iontach lán le spraoi agus eachtraíocht.

*R2A & R2B went on a school tour to Squirrel Scramble in Kilruddery Estate in Bray yesterday and what a fun packed day it was.*

*Squirrel Scramble is an adventure tree park with loads of different challenges to climb, balance, slide and crawl, ziplines big and small spread across various levels. Not only did the children get to zipline and climb in amongst the treetops but they also got a chance to do some archery and play some team building games. What a great day full of fun and adventure.*

